Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►**B** ►**C1** **RIALACHÁN (AE) 2022/263 ÓN gCOMHAIRLE**

an 23 Feabhra 2022

a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar aitheantas a thabhairt do na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine agus ar an ordú fórsaí armtha na Rúise a chur chun na limistéir sin ◄

(IO L 42I, 23.2.2022, lch. 77)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►**M1**	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/595 ón gCoimisiún an 11 Aibreán 2022	L 114	60	12.4.2022
►**M2**	Rialachán (AE) 2022/626 ón gComhairle an 13 Aibreán 2022	L 116	3	13.4.2022

Arna cheartú le:

►**C1** Ceartúchán, IO L 62, 1.3.2022, lch. 26 (2022/263)

▼B
▼C1

RIALACHÁN (AE) 2022/263 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Feabhra 2022

a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar aitheantas a thabhairt do na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine agus ar an ordú fórsaí armtha na Rúise a chur chun na limistéir sin

Airteagal 1

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "seirbhísí bróicéireachta":

(i) caibidlíocht nó socrú idirbheart chun earraí agus teicneolaíocht nó seirbhísí airgeadais agus teicniúla a cheannach, a dhíol nó a sholáthar, lena n-áirítear ó thríú tír chuig aon tríú tír eile; nó

(ii) chun earraí agus teicneolaíocht nó seirbhísí airgeadais agus teicniúla a dhíol nó a cheannach, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil siad lonnaithe i dtríú tíortha lena n-aistriú chuig tríú tír eile;

(b) ciallaíonn "éileamh" aon éileamh, bíodh sé dearbhaithe le himeachtaí dlíthiúla nó ná bíodh, arna dhéanamh roimh an 24 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh, faoi chonradh nó idirbheart, nó i ndáil le conradh nó idirbheart, agus go háirithe:

(i) éileamh ar chomhlíonadh aon oibleagáide a thiocfadh chun cinn faoi chonradh nó idirbheart nó i ndáil le conradh nó idirbheart;

(ii) éileamh ar shíneadh a chur le banna, le ráthaíocht airgeadais nó le slánaíocht, i cibé foirm, nó éileamh ar iad a íoc;

(iii) éileamh ar chúiteamh i leith conartha nó idirbhirt;

(iv) frithéileamh;

(v) éileamh ar bhreithiúnas, dámhachtain eadrána nó cinneadh coibhéiseach, gan beann ar an áit ina ndéantar nó ina dtugtar iad, a aithint nó a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear trí bhíthin an nós imeachta *exequatur*;

(c) ciallaíonn "conradh nó idirbheart" aon idirbheart cibé foirm ina bhfuil sé, cibé dlí is infheidhme, agus cibé acu a chuimsíonn sé conradh amháin nó níos mó ná sin nó oibleagáidí comhchosúla a dhéantar idir na páirtithe na páirtithe céanna nó páirtithe éagsúla; chun na críche sin cuimsítear le "conradh" banna, ráthaíocht nó slánaíocht, ráthaíocht airgeadais nó slánaíocht airgeadais go háirithe, agus creidmheas, bíodh sin neamhspleách ó thaobh dlí nó ná bíodh, chomh maith le haon fhoráil ghaolmhar a eascraíonn as an idirbheart nó i dtaca leis;

(d) ciallaíonn "críocha sonraithe" limistéar nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine;

▼C1

(e) ciallaíonn “eintiteas sna críocha sonraithe” aon eintiteas a bhfuil a oifig chláraithe, riarachán lárnach nó a phríomháit ghnó aige sna críocha sonraithe, a fhochuideachtaí nó a chleamhnaithe faoina rialú sna críocha sonraithe, chomh maith le brainsí agus eintitis eile a oibríonn sna críocha sonraithe;

(f) ciallaíonn “earraí de thionscnamh na gcríoch sonraithe” earraí a fhaightear go hiomlán sna críocha sonraithe nó ina ndearnadh an claochlú substainteach deireanach orthu, i gcomhréir, *mutatis mutandis* le hAirteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]);

(g) ciallaíonn “seirbhísí infheistíochta” na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(i) orduithe a ghlacadh agus a tharchur i ndáil le hionstraim airgeadais amháin nó níos mó,

(ii) orduithe a fhorghníomhú thar ceann cliant,

(iii) déileáil ar a chuntas féin,

(iv) bainistíocht punainne,

(v) comhairle infheistíochta,

(vi) ionstraimí airgeadais a fhrithghealladh agus/nó ionstraimí airgeadais a chur ar bhonn gealltanas daingean,

(vii) ionstraimí airgeadais a chur gan bonn gealltanais dhaingin,

(h) ciallaíonn “cúnamh teicniúil” aon tacaíocht theicniúil a bhaineann le deisiúcháin, forbairt, monarú, cóimeáil, tástáil, cothabháil nó aon seirbhís theicniúil eile, agus féadfaidh sé a bheith i bhfoirm teagaisc, comhairle, oiliúna, eolais nó scileanna oibre a tharchur nó seirbhísí comhairliúcháin; áirítear le cúnamh teicniúil cineálacha cúnaimh ó bhéal;

(i) ciallaíonn “críoch an Aontais” críocha na mBallstát a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir leo, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chonradh, lena n-áirítear aerspás na mBallstát sin;

(j) ciallaíonn “údaráis inniúla” údaráis inniúla na mBallstát faoi mar a shainaithnítear iad ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn I.

Airteagal 2

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) earraí de thionscnamh na gcríoch sonraithe a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais chomh maith le hárachas nó athárachas a bhaineann le hallmhairiú na n-earraí dá dtagraítear i bpointe (a) a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

▼C1

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le:

(a) forghníomhú go dtí an 24 Bealtaine 2022 conarthaí trádála arna dtabhairt i gcrích roimh an 23 Feabhra 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go ndéanann na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, an t-eintiteas nó an comhlacht atá ag féachaint leis an gconradh a fheidhmiú, ar a laghad 10 lá oibre roimh ré, údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe ar an eolas maidir leis an ngníomhaíocht nó an idirbheart;

(b) earraí de thionscnamh na gcríoch sonraithe a chuirtear ar fáil d'údaráis na hÚcráine lena scrúdú, a ndearnadh comhlíonadh na gcoinníollacha lena dtugtar teidlíocht do thionscnamh fabhrach a fhíorú ina leith agus ar eisíodh deimhniú tionscnaimh ina leith i gcomhréir leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin.

Airteagal 3

1. Toirmeascfar an méid seo a leanas:

(a) aon rannpháirtíocht nua in úinéireacht réadmhaoine atá lonnaithe sna críocha sonraithe a fháil nó aon rannpháirtíocht atá ann cheana a leathnú;

(b) aon rannpháirtíocht nua in úinéireacht nó i rialú eintitis sna críocha sonraithe a fháil, nó aon rannpháirtíocht atá ann cheana leathnú, lena n-áirítear eintiteas den sórt sin a fháil ina iomláine nó scaireanna a fháil ann, agus urrúis eile de chineál rannpháirteach i dtaca le heintiteas den sórt sin;

(c) aon socrú a dheonú nó a bheith ina chuid d'aon socrú aon iasacht nó aon chreidmheas a dheonú nó maoiniú a sholáthar ar shlí eile, lena n-áirítear caipiteal cothromais, d'eintiteas sna críocha sonraithe, nó chun na críche doiciméadaithe eintiteas den sórt sin a mhaoiniú;

(d) aon chomhfhiontar a chruthú sna críocha sonraithe nó i dteannta eintiteas sna críocha sonraithe;

(e) seirbhísí infheistíochta a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d) a sholáthar.

2. Ní bhainfidh na toirmisc ná na srianta a leagtar amach san Airteagal seo le gnó dlisteanach a dhéanamh le heintitis lasmuigh de na críocha sonraithe, ar an gcoinníoll nach bhfuil na hinfheistíochtaí gaolmhara dírithe ar eintitis sna críocha sonraithe.

3. Beidh na toirmisc i mír 1 gan dochar d'fhorghníomhú oibleagáide a eascraíonn as conradh a tugadh i gcrích roimh an 23 Feabhra 2022, nó as conarthaí coimhdeacha is gá chun an conradh sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go gcuirtear an t-údarás inniúil ar an eolas 5 lá oibre roimh ré ar a laghad.

Airteagal 4

1. Toirmeascfar earraí agus teicneolaíocht mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú:

(a) chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, chuig eintiteas nó chuig comhlacht sna críocha sonraithe, nó

(b) lena n-úsáid sna críocha sonraithe.

▼C1

Cuimseofar in Iarscríbhinn II earraí agus teicneolaíochtaí áirithe atá oiriúnach lena n-úsáid sna príomhearnálacha seo a leanas:

(i) an t-iompar;

(ii) teileachumarsáid;

(iii) fuinneamh;

(iv) sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh ola, gáis agus acmhainní mianracha.

2. Toirmeascfar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn II, nó a bhaineann le soláthar, le monarú, le cothabháil agus le húsáid earraí a chuimseofar sa liosta sin, a sholáthar d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó d'aon chomhlacht sna críocha sonraithe, go díreach nó go indíreach;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn II a sholáthar d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sna críocha sonraithe nó lena n-úsáid sna críocha sonraithe, go díreach nó go hindíreach.

3. Beidh na toirmisc i mír 1 agus mír 2 gan dochar d'fhorghníomhú oibleagáide go dtí an 24 Lúnasa 2022, arb oibleagáid í a eascraíonn as conradh a tugadh i gcrích roimh an 23 Feabhra 2022, nó ó chonarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go gcuirtear an t-údarás inniúil ar an eolas 5 lá oibre roimh ré ar a laghad.

▼M2

Airteagal 4a

1. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 4 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) díolachán, soláthar, aistriú ná onnmhairiú na n-earraí nó na teicneolaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn II;

(b) cúnamh teicniúil ná seirbhísí bróicéireachta a sholáthar go díreach nó go hindíreach ar cúnamh nó seirbhísí iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn II nó a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na nithe sin; nó

(c) maoiniú ná cúnamh airgeadais a sholáthar go díreach nó go hindíreach, ar maoiniú nó cúnamh é a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn II,d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sna críocha sonraithe nó lena n-úsáid sna críocha sonraithe ag na grúpaí seo a leanas:

— comhlachtaí poiblí nó daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a fhaigheann maoiniú ón Aontas nó ó na Ballstáit, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, an teicneolaíocht, na seirbhísí agus an cúnamh sin chun críoch daonnúil go heisiach sna críocha sonraithe;

▼M2

— eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí a ndéanann an tAontas measúnú colúin orthu agus lenar shínigh an tAontas comhaontú comhpháirtíochta maidir le creat airgeadais ar comhaontú é ar bunaithe air a ghníomhaíonn na heagraíochtaí agus na gníomhaireachtaí mar chomhpháirtithe daonnúla de chuid an Aontais, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, an teicneolaíocht, na seirbhísí agus an cúnamh sin chun críoch daonnúil go heisiach sna críocha sonraithe;

— eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar dheonaigh an tAontas Deimhniú Comhpháirtíochta Daonnúla dóibh nó a dheimhnítear nó a aithnítear ag Ballstát i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, an teicneolaíocht, na seirbhísí agus an cúnamh sin chun críoch daonnúil go heisiach sna críocha sonraithe; nó

— gníomhaireachtaí speisialaithe na mBallstát, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, an teicneolaíocht, na seirbhísí agus an cúnamh sin chun críoch daonnúil go heisiach sna críocha sonraithe.

2. De mhaolú ar Airteagal 4, i gcásanna nach gcumhdaítear le mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha ginearálta agus sonracha is iomchuí leo, údaruithe sonracha nó ginearálta a dheonú maidir leis an méid seo a leanas:

(a) díolachán, soláthar, aistriú ná onnmhairiú na n-earraí nó na teicneolaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn II;

(b) cúnamh teicniúil ná seirbhísí bróicéireachta a sholáthar go díreach nó go hindíreach ar cúnamh nó seirbhísí iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn II nó a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na nithe sin; nó

(c) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn II a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach,

d'eintiteas nó do chomhlacht sna críocha sonraithe nó lena n-úsáid sna críocha sonraithe sin, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, an teicneolaíocht, na seirbhísí agus an cúnamh sin chun críoch daonnúil sna críocha sonraithe.

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 2 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

4. Ní dhéanfaidh aon ní san Airteagal seo difear don chomhlíontacht le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([1]).

▼C1

Airteagal 5

1. Toirmeascfar cúnamh teicniúil, nó seirbhísí bróicéireachta, tógála nó innealtóireachta a sholáthar, ar seirbhísí iad a bhaineann go díreach le bonneagar sna críocha sonraithe sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) mar a shainítear ar bhonn Iarscríbhinn II iad, neamhspleách ar thionscnamh na n-earraí agus na teicneolaíochta.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch 6).

▼C1

2. An toirmeasc i mír 1, beidh siad gan dochar do chur i gcrích oibleagáide, go dtí an 24 Lúnasa 2022, arb oibleagáid í a eascraíonn as conradh arna thabhairt i gcrích roimh an 23 Feabhra 2022, nó le conarthaí coimhdeacha is gá chun an conradh sin a chur i gcrích.

3. Toirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon turas, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na toirmisc sin dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2.

▼M2

Airteagal 5a

1. Na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 5(1), ní bheidh feidhm acu maidir le cúnamh teicniúil a sholáthar, ná seirbhísí bróicéireachta, tógála ná innealtóireachta a sholáthar a bhaineann go díreach leis an mbonneagar sna críocha sonraithe sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) mar a shainítear ar bhonn Iarscríbhinn II, gan beann ar tionscnamh na n-earraí agus na teicneolaíochta, ar cúnamh nó seirbhísí iad arna soláthar ag na grúpaí seo a leanas:

(a) comhlachtaí poiblí nó daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a fhaigheann maoiniú poiblí ón Aontas nó ó na Ballstáit, ar choinníoll go bhfuil gá leis an gcúnamh agus leis na seirbhísí sin chun críoch daonnúil go heisiach sna críocha sonraithe;

(b) eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí a ndéanann an tAontas measúnú colúin orthu agus lenar shínigh an tAontas comhaontú comhpháirtíochta maidir le creat airgeadais ar comhaontú é ar bunaithe air a ghníomhaíonn na heagraíochtaí agus na gníomhaireachtaí mar chomhpháirtithe daonnúla de chuid an Aontais, ar choinníoll go bhfuil gá le cúnamh agus seirbhísí den sórt sin chun críoch daonnúil go heisiach sna críocha sonraithe;

(c) eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar dheonaigh an tAontas Deimhniú Comhpháirtíochta Daonnúla dóibh nó a dheimhnítear nó a aithnítear ag Ballstát i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta, ar choinníoll go bhfuil gá leis an gcúnamh agus leis na seirbhísí sin chun críoch daonnúil go heisiach sna críocha sonraithe; nó

(d) gníomhaireachtaí speisialaithe na mBallstát, ar choinníoll go bhfuil gá leis an gcúnamh agus leis na seirbhísí sin chun críoch daonnúil go heisiach sna críocha sonraithe.

2. De mhaolú ar Airteagal 5(1), i gcásanna nach gcumhdaítear le mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha ginearálta agus sonracha is iomchuí leo, údaruithe sonracha nó ginearálta a dheonú maidir le soláthar cúnaimh theicniúil nó seirbhísí bróicéireachta, tógála nó innealtóireachta a bhaineann go díreach leis an mbonneagar sna críocha sonraithe sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) mar a shainítear ar bhonn Iarscríbhinn II, gan beann ar thionscnamh na n-earraí agus na teicneolaíochta, ar choinníoll go bhfuil gá leis an gcúnamh agus leis na seirbhísí sin chun críoch daonnúil go heisiach sna críocha sonraithe.

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 2 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

4. Ní dhéanfaidh aon ní san Airteagal seo difear don chomhlíontacht le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

▼C1

Airteagal 6

1. Seirbhísí a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí turasóireachta, toirmeascfar iad a sholáthar sna críocha sonraithe.

2. Beidh an toirmeasc i mír 1 gan dochar d'fhorghníomhú oibleagáide go dtí an 24 Lúnasa 2022, arb oibleagáid í a eascraíonn as conradh nó as conradh coimhdeach a tugadh i gcrích roimh an 23 Feabhra 2022, nó as conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go gcuirtear an t-údarás inniúil ar an eolas 5 lá oibre roimh ré ar a laghad.

Airteagal 7

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú, faoi cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh siad is iomchuí, i ndáil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus Airteagal 4(2), agus i ndáil leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 4(1), ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) tá gá leis na gníomhaíochtaí chun críocha oifigiúla misin chonsalaigh nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta atá sna críocha sonraithe;

(b) baineann na gníomhaíochtaí le tionscadail a thacaíonn go heisiach le hospidéil, nó le hinstitiúidí sláinte poiblí eile a sholáthraíonn seirbhísí leighis nó le forais oideachais shibhialta atá suite sna críocha sonraithe; nó

(c) is fearais nó trealamh chun críche úsáide leighis iad.

2. Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú freisin, faoi cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh siad is iomchuí, i ndáil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), ar choinníoll gur chun críocha cothabhála chun sábháilteacht an bhonneagair atá ann cheana a áirithiú é an t-idirbheart.

3. Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú freisin, faoi cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, i ndáil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus Airteagal 4(2), agus i ndáil leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus i ndáil leis na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 5, i gcás inar gá díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-ítimí nó cur i gcrích na ngníomhaíochtaí sin chun teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach agus suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine, lena n-áirítear sábháilteacht an bhonneagair atá ann cheana, nó sábháilteacht an chomhshaoil, a chosc go práinneach nó a mhaolú. I gcásanna éigeandála a mbeidh údar cuí leo, féadfar an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú a dhéanamh gan réamhúdarú, ar choinníoll go dtabharfaidh an t-onnmhaireoir fógra don údarás inniúil laistigh de 5 lá oibre ó lá an díola, an tsoláthair, an aistrithe nó an onnmhairithe, agus go mbeidh leis an bhfógra sin mionsonra faoin údar cuí a bhí leis an díol, leis an soláthar, leis an aistriú nó leis an onnmhairiú a rinneadh gan reámhúdarú.

Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a chéile a chur ar an eolas faoi na bearta a ghlactar faoin mír seo agus faoi fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh.

▼C1

Airteagal 8

Toirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon turas, lena n-áirítear páirt a ghlacadh go hindíreach, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na toirmisc sin a leagtar síos sa Rialachán seo.

Airteagal 9

Ní bheidh aon dliteanas d'aon sórt ar dhaoine nádúrtha ná dlítheanacha, ar eintitis ná comhlachtaí de thoradh gníomhaíochtaí a dhéanfaidh siad mura raibh a fhios acu, nó nach raibh cúis réasúnach acu amhras a bheith orthu go sáródh a ngníomhaíochtaí na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo.

Airteagal 10

1. Ní shásófar aon éileamh i ndáil le haon chonradh ná idirbheart a ndearnadh difear dá bhfeidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, leis na bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo, lena n-áirítear éilimh ar shlánaíocht ná aon éileamh eile den sórt sin, amhail éileamh ar chúiteamh nó éileamh faoi réir ráthaíochta, go háirithe éileamh ar shíneadh a chur le banna, ar ráthaíocht nó ar shlánaíocht nó iad a íoc, go háirithe ráthaíocht airgeadais nó slánaíocht airgeadais, i cibé foirm, más rud é gur ceann de na páirtithe seo a leanas a dhéanann an t-éileamh:

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([1]);

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú trí bhíthin nó thar ceann duine de na daoine, nó ceann amháin de na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a ndearnadh cinneadh eadrána, breithiúnach nó riaracháin é a bheith tar éis sárú a dhéanamh ar na toirmisc a leagtar amach sa Rialachán seo;

(d) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, má bhaineann an t-éileamh le hearraí a bhfuil a n-allmhairiú toirmiscthe faoi Airteagal 2(1).

2. In aon imeacht chun éileamh a fhorfheidhmiú, is faoin duine nádúrtha nó dlítheanach, faoin eintiteas nó faoin gcomhlacht atá ag iarraidh an t-éileamh sin a fhorfheidhmiú, a bheidh sé a chruthú nach dtoirmeasctar an t-éileamh a shásamh le mír 1.

3. Tá an tAirteagal seo gan dochar don cheart atá ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 chun athbhreithniú breithiúnach ar dhlíthiúlacht neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha i gcomhréir leis an Rialachán seo.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 an 17 Márta 2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6).

▼C1

Airteagal 11

1. Cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit a chéile ar an eolas faoi na bearta arna ndéanamh faoin Rialachán seo agus roinnfidh siad aon fhaisnéis ábhartha a bhfuil teacht acu uirthi lena chéile i gcomhréir leis an Rialachán seo, go háirithe faisnéis i dtaca le sárú agus fadhbanna forfheidhme agus breithiúnais arna dtabhairt ag na cúirteanna náisiúnta.

2. Cuirfidh na Ballstáit a chéile agus an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo.

Airteagal 12

Cumhachtófar don Choimisiún Iarscríbhinn I a leasú ar bhonn na faisnéise a sholáthróidh na Ballstáit.

Airteagal 13

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan mhoill don Choimisiún faoi na rialacha dá dtagraítear i mír 1 tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ina dhiaidh sin.

Airteagal 14

1. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla dá dtagraítear sa Rialachán seo agus sainaithneoidh siad na húdaráis sin ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn I. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon athrú ar sheoltaí a suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn I.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan mhoill don Choimisiún faoina n-údaráis inniúla, lena n-áirítear sonraí teagmhála na n-údarás inniúil sin, tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ina dhiaidh sin.

3. I gcás ina leagtar amach leis an Rialachán seo ceanglas maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún, an Coimisiún a chur ar an eolas nó cumarsáid a dhéanamh leis ar shlí eile, is iad an seoladh agus na sonraí teagmhála eile a shonraítear in Iarscríbhinn I an seoladh agus na sonraí teagmhála atá le húsáid le haghaidh na cumarsáide sin.

Airteagal 15

Beidh feidhm ag an Rialachán seo:

(a) laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear a aerspás;

(b) ar bord aon aerárthaigh nó aon soithigh faoi dhlínse Ballstáit;

(c) maidir le haon duine, laistigh de chríoch an Aontais nó lasmuigh di, ar náisiúnach Ballstáit é;

▼C1

(d) maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, laistigh de chríoch an Aontais nó lasmuigh di, atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit;

(e) maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht i leith aon ghnó a dhéantar go hiomlán nó go páirteach laistigh den Aontas.

Airteagal 16

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼C1

IARSCRÍBHINN I

Suíomhanna gréasáin le haghaidh faisnéis maidir le húdaráis inniúla na mBallstáit agus an seoladh chun fógra a chur chuig an gCoimisiún Eorpach

▼M1

AN BHEILG

https://diplomatie.belgium.be/en/policy/policy_areas/peace_and_security/sanctions

AN BHULGÁIR

https://www.mfa.bg/en/EU-sanctions

AN tSEICIA

www.financnianalytickyurad.cz/mezinarodni-sankce.html

AN DANMHAIRG

http://um.dk/da/Udenrigspolitik/folkeretten/sanktioner/

AN GHEARMÁIN

https://www.bmwi.de/Redaktion/DE/Artikel/Aussenwirtschaft/embargos-aussenwirtschaftsrecht.html

AN EASTÓIN

https://vm.ee/et/rahvusvahelised-sanktsioonid

ÉIRE

https://www.dfa.ie/our-role-policies/ireland-in-the-eu/eu-restrictive-measures/

AN GHRÉIG

http://www.mfa.gr/en/foreign-policy/global-issues/international-sanctions.html

AN SPÁINN

https://www.exteriores.gob.es/es/PoliticaExterior/Paginas/SancionesInternacionales.aspx

AN FHRAINC

http://www.diplomatie.gouv.fr/fr/autorites-sanctions/

AN CHRÓIT

https://mvep.gov.hr/vanjska-politika/medjunarodne-mjere-ogranicavanja/22955

AN IODÁIL

https://www.esteri.it/it/politica-estera-e-cooperazione-allo-sviluppo/politica_europea/misure_deroghe/

AN CHIPIR

https://mfa.gov.cy/themes/

AN LAITVIA

http://www.mfa.gov.lv/en/security/4539

AN LIOTUÁIN

http://www.urm.lt/sanctions

▼**M1**

LUCSAMBURG

https://maee.gouvernement.lu/fr/directions-du-ministere/affaires-europeennes/organisations-economiques-int/mesures-restrictives.html

AN UNGÁIR

https://kormany.hu/kulgazdasagi-es-kulugyminiszterium/ensz-eu-szankcios-tajekoztato

MÁLTA

https://foreignandeu.gov.mt/en/Government/SMB/Pages/SMB-Home.aspx

AN ÍSILTÍR

https://www.rijksoverheid.nl/onderwerpen/internationale-sancties

AN OSTAIR

https://www.bmeia.gv.at/themen/aussenpolitik/europa/eu-sanktionen-nationale-behoerden/

AN PHOLAINN

https://www.gov.pl/web/dyplomacja/sankcje-miedzynarodowe

https://www.gov.pl/web/diplomacy/international-sanctions

AN PHORTAINGÉIL

https://www.portaldiplomatico.mne.gov.pt/politica-externa/medidas-restritivas

AN RÓMÁIN

http://www.mae.ro/node/1548

AN tSLÓIVÉIN

http://www.mzz.gov.si/si/omejevalni_ukrepi

AN tSLÓVAIC

https://www.mzv.sk/europske_zalezitosti/europske_politiky-sankcie_eu

AN FHIONLAINN

https://um.fi/pakotteet

AN tSUALAINN

https://www.regeringen.se/sanktioner

Seoladh chun fógraí a chur chuig an gCoimisiún Eorpach:

An Coimisiún Eorpach

An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil (AS FISMA)

Rue de Spa/Spastraat 2

1049 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË

R-phost: relex-sanctions@ec.europa.eu

▼C1

IARSCRÍBHINN II

Liosta earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 4

Caibidil/Cód AC	Tuairisc ar an táirge
Caibidil 25	SALANN; SULFAR; ITHREACHA AGUS CLOCHA; ÁBHAIR PHLÁSTRÁLA, AOL AGUS STROIGHIN
Caibidil 26	MIANTA, SLAIG AGUS LUAITH
Caibidil 27	BREOSLAÍ MIANRACHA, OLAÍ MIANRACHA AGUS TÁIRGÍ DE THORADH A nDRIOGTHA; SUBSTAINTÍ BIOTÚMANACHA; CÉARACHA MIANRACHA
Caibidil 28	CEIMICEÁIN NEAMHORGÁNACHA; COMHDHÚILE ORGÁNACHA NÓ NEAMHORGÁNACHA AS MIOTAIL LÓMHARA, AS MIOTAIL TEARC-CHRÉ, AS DÚILE RADAIGHNÍOMHACHA NÓ AS ISEATÓIP
Caibidil 29	CEIMICEÁIN ORGÁNACHA
3824	Táthuithe ullmhaithe do mhúnlaí nó do chroíthe teilgcheártan; táirgí agus ullmhóidí ceimiceacha ó na tionscail cheimiceacha nó ó na tionscail ghaolmhara (lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil meascáin de tháirgí nádúrtha), nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
3826 00	Bithdhíosal agus meascáin atá déanta as, nach bhfuil olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí bitiúmanacha iontu nó ina bhfuil, de réir meáchain, níos lú ná 70 % de na holaí sin
Caibidil 72	Iarann agus cruach
Caibidil 73	Earraí déanta as iarainn nó as cruach
Caibidil 74	Copar agus earraí déanta as copar
Caibidil 75	Nicil agus earraí atá déanta de nicil
Caibidil 76	Alúmanam agus earraí déanta as alúmanam
Caibidil 78	Luaidhe agus earraí atá déanta as luaidhe
Caibidil 79	Sinc agus earraí atá déanta as sinc
Caibidil 80	Stán agus earraí déanta as stán
Caibidil 81	Táirmhiotail eile; ceirméid; earraí déanta as táirmhiotail eile nó as ceirméid
8207 13 00	UIRLISÍ CHUN CLOCHA A DHRUILEÁIL NÓ AN TALAMH A THOLLADH, IAD INMHALARTAITHE, INA bhFUIL PÁIRTEANNA OIBRE DÉANTA AS CAIRBÍDÍ MIOTAIL SINTÉARAITHE NÓ AS CEIRMÉID
8207 19 10	UIRLISÍ CHUN CLOCHA A DHRUILEÁIL NÓ AN TALAMH A THOLLADH, IAD INMHALARTAITHE, INA bhFUIL PÁIRTEANNA OIBRE DÉANTA AS DIAMANT NÓ AS DIAMANT CEIRTLEÁNAITHE
8401	Imoibreoirí núicléacha; eilimintí breosla (cartúis), nach bhfuil ionradaithe, le haghaidh imoibreoirí núicléacha; innealra agus gairis le haghaidh scaradh iseatópach:
8402	Coirí a ghineann gal uisce nó gala eile (seachas coirí uisce te le haghaidh téimh lárnaigh lenar féidir gal uisce a ghiniúint faoi lagbhrú freisin); coirí uisce fhorthéite:
8403	Coirí téimh lárnaigh seachas na cinn atá faoi cheannteideal 8402
8404	Gléasra cúnta lena úsáid le coirí atá faoi cheannteideal 8402 nó 8403 (mar shampla, barainneoirí, forthéiteoirí, easbhainteoirí súiche, aisghabhálaithe gáis); comhdhlúthadáin gaile uisce nó córais cumhachta gaile eile

▼C1

Caibidil/Cód AC	Tuairisc ar an táirge
8405	Gineadóirí gáis táirgeora nó gáis uisce, gona n-íontóirí nó gan íontóirí; gineadóirí gáis; aicé-itiléine agus gineadóirí gáis comhchosúla a úsáideann próiseas uisce, gona n-íontóirí nó gan íontóirí
8406	Tuirbíní gaile uisce agus tuirbíní gaile eile:
